# ELEATHANACH 379

**DÉ LUAIN, AN 29 MÁRTA, 2021**

## Leabhrán eolais i nGaeilge faoin spás


D'fhoilsigh Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) leabhrán eolais faoin spás.

Tá eolas ann faoin obair atá déanta ag Éirinn agus ag comhlachtaí Gaeltachta do Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa.

Bhí an leabhrán aistrithe go Gaeilge do cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig.

Tá an leabhrán eolais i nGaeilge seolta ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa chun suim sa spás agus sa Ghaeilge a spreagadh i ndaoine óga.

An bhfuil níos mó eolais uait? Déan cliceáil ar an nasc thíos:
https://tuairisc.ie/leabhran-eolais-faoin-spas-foilsithe-i-ngaeilge-ag-gniomhaireacht-spais-na-heorpa/




## Seachtain na gCrann 2021

Bhí Seachtain na gCrann ar siúl an tseachtain seo caite. Rinneamar crainn a cheiliúradh.

Tá an-spéis ag Tommy Tiernan, an fear grinn, sna crainn. Labhair sé ar a phodchraodhladh faoi thábhacht na gcrann. Tá thart ar 10% d'Éirinn clúdaithe le crainn.

Thosaigh crainn dhúchasacha ag fás in Éirinn thart ar 15,000 bliain ó shin. Is crann dúchasach é crann a fhásann go nádúrtha sa tír. Is crainn dhúchasacha iad an bheith, an fhuinseog, an fhearnóg, an dair, an coll, an t-iúr agus an péine Albanach.

Labhair Éanna Ní Lamhna faoi thábhacht na gcrann an tseachtain seo caite. Tá a lán físeán ó Éanna ar fáil a thugann eolas luachmhar dúinn faoi chrainn.






Tabhair barróg do chrann álainn!

## Siúcra – Is milis an féirín é


Tháinig gearrscannán nua amach an tseachtain seo. *Siúcra* an t-ainm atá air. Roxanna Nic Liam a rinne an scannán.

Theastaigh uaithi an grá atá aici don Ghaeilge a chur in iúl. Amharclann an Axis i mBaile Munna a choimisiúnaigh an scannán agus Cathal Mac an Bheatha a stiúir é.

Thit Roxanna i ngrá leis an nGaeilge agus í ag freastal ar Bhunscoil Choláiste Mhuire agus ar Ghaelscoil Choláiste Mhuire i mBaile Átha Cliath.

Tá pobal an dá scoil an-bhródúil aisti. Tá an-spéis ag daoine sa scannán. Dúirt Dara Ó Briain, an fear grinn cáiliúil, gur scannán "álainn" é *Síucra*.

"An áit a bhfuil do chroí is ann a thabharfaidh do chosa thú" a deir Roxanna agus is léir go bhfuil Gaeilge Bhaile Átha Cliath i gcroí Roxanna.




**Seo í Roxanna**




Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
Coláiste Mhuire, BÁC 7